Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12597/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0269 (NLE)**

**ECOFIN 1140**
**UEM 427**
**FIN 1044**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta - An Phortaingéil<br>− Glacadh |

1. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, mar a leagtar amach in 10149/21 + ADD 1 REV 1 é, formheasadh an measúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Phortaingéil i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241.

2. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle ina dhiaidh sin an 17 Deireadh Fómhair 2023, de bhun Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 13351/23 + ADD 1 REV 1 é, an 8 Deireadh Fómhair 2024 de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 13497/23 + ADD 1 é agus an 13 Bealtaine 2025 de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in8055/25 + ADD 1 é.

3. An 18 Iúil 2025, rinne an Phortaingéil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an bPortaingéil.

4. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Phortaingéil chun cinn

difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht ná comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

5. Ós mar sin atá, ag gníomhú dó ar bhonn Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 2 Meán Fómhair 2025 togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 15 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Phortaingéil a fhormheas, mar a leagtar amach in 12467/25 agus 12467/25 ADD 1 é.

6. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 12 Meán Fómhair 2025 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga.

7. Déantar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a leagan amach in 12491/25 agus 12491/25 ADD 1.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:
  a) an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Phortaingéil, a fhormheas, mar a leagtar amach in 12491/25 é agus
  b) an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Phortaingéil a fhormheas, mar a leagtar amach in 12491/25 ADD 1 é, agus
- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar 'mír-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.